



## Eolas tábhachtach d'fhoirne scoile a bheidh ar fillleadh ar na scoileanna ar an 18 Bealtaine 2020

Ar an 1 Bealtaine 2020, d'fhoilsigh an Rialtas treoirscéim chun srianta Covid-19 a mhaolú agus geilleagar agus sochaí na hÉireann a athoscailt. Deirtear sa treoirscéim **go n-athosclófar na scoileanna i Meán Fómhair 2020**. Tá Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte foilsithe. Beidh sé mar bhonn leis an gcomhrá leis na comhpháirtithe oideachais uile ionas gur féidir treoir chuí a chur ar fáil agus socruithe a dhéanamh roimh thús na scoilbhliana nua.

Idir an dá linn tá soláthar ann le gur féidir le ball foirne **dul isteach i bhfoirgnimh scoile i gcásanna teoranta** ón 18 Bealtaine 2020. Sa chomhthéacs seo, ba chóir déanamh de réir na dtreoracha sláinte phoblí uile agus cloí leis na treoirlínte a thugtar in Aguisín 1.

### Socruithe praiticiúla le haghaidh 18 Bealtaine

Má tá obair riachtanach le déanamh, nach féidir a dhéanamh i bhfoirm chianda, féachfar ar thaisteal chun na scoileanna mar thuras riachtanach. Is riachtanas é a bheith scartha amach i gcónaí de réir na treorach sláinte phoiblí, agus níor chóir dul isteach sna scoileanna ach a laghad is féidir agus nuair nach féidir an obair a dhéanamh go cianda.

### Tacú le leanúnachas na foghlama sa chuid eile den scoilbhliain seo

Is eol don Roinn go bhfuil iarracht leanúnach á déanamh ag na scoileanna chun go mbeidh leanúnachas foghlama ann do na daltaí agus is mór againn an nuálaíocht a léirítear sa teagasc agus san fhoghlaim chianda atá ar bun sna laethanta dúshlánacha seo. Tá roinnt doiciméad ar leanúnachas na foghlama treorach eisithe do na scoileanna agus gheofar iad ag: <https://www.education.ie/en/covid-19/#guidance>. Tá sé riachtanach go mbeadh an leanúnachas céanna ann sa chuid eile den scoilbhliain seo. Beidh rochtain ar na scoileanna ón 18 Bealtaine 2020 ina cuid tábhachtach den iarracht chun an obair thábhachtach seo a fhorbairt agus a thacú.

## **Leabhair scoile agus ábhar foghlama**

Chun tacú le leanúnachas an teagaisc agus na foghlama féadfaidh na scoileanna leabhair agus ábhar foghlama amhail fótachóipeanna agus ábhar scríofa eile a eagrú, a ullmhú agus a scaipeadh ar na daltaí.

## **Tacaíocht ar líne do leanúnachas na foghlama**

Beidh bonneagar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) na scoile ar fáil ón 18 Bealtaine chun tacú le teagasc agus foghlaim leanúnach na ndaltaí uile. Iarrtar ar scoileanna gléasanna scoile a chur ar fáil de réir na n-implitreacha reatha ar dheontais TFC do na daltaí sin nach bhfuil ar a gcumas leas a bhaint as an gciánfoghlaím a chuireann an scoil ar fáil de bhrí nach bhfuil rochtain acu ar gléas digiteach. Seo na himlitreacha maidir le deontais TFC: [https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0031\\_2020.pdf](https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0031_2020.pdf) agus [https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0032\\_2020.pdf](https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0032_2020.pdf)

Beidh gach gléas a cheannófar ina mhaoín de chuid na scoile i gcónaí agus moltar do na scoileanna comhaontuithe iasachta a dhéanamh le daltaí agus tuismitheoirí ina ngeallfar na gléasanna a thabhairt ar ais nuair nach mbeidh siad de dhíth níos mó don obair seo.

## **Ardteistiméireacht 2020 – Gráid ríofa**

Is féidir le foirne dul isteach sna scoileanna chun obair riachtanach a dhéanamh chun tacú le samhail na ngrád ríofa atá ceaptha d’Ardteistiméireacht 2020.

## **Obair phleanála agus ullmhúcháin don scoilbhliain 2020/21**

Níl aon amhras ach go bhfuil tionchar mór ag riachtanais na héigeandála náisiúnta Covid-19 ar chumas na scoileanna dul i mbun obair riachtanach phleanála agus ullmhúcháin don chéad scoilbhliain eile, mar shampla próisis rollaithe scoile a chur i bhfeidhm, agus leas a bhaint as próisis faoina ndéantar múinteoirí a leithdháileadh agus a imlonnú. Tíocfaidh feabhas ar an scéal seo ón 18 Bealtaine ar aghaidh de bhrí go mbeadh baill foirne ar fáil do na scoileanna i gcásanna nach féidir an obair riachtanach seo a dhéanamh go cianda.

## **Comhairle sláinte phoiblí**

Ba chóir do na scoileanna cloí leis an gcomhairle sláinte phoiblí i ngach aon chás ó thaobh bheith scartha amach agus ó thaobh treoracha eile sláinte phoiblí a chomhlíonadh agus níor chóir dul isteach i bhfoirgneamh na scoile ach amháin nuair nach bhfuil an dara rogha ann.

## Aguisín 1

Ba chóir do na scoileanna obair chianda a éascú i gcónaí. Mar sin féin, i gcás na foirne/na gcónaitheoirí sin ar gá dóibh, ar chúiseanna eisceachtúla, dul isteach i bhfoirgneamh/saoráidí scoile, beidh dualgas cúraim ar na scoileanna maidir leo. Ní mór cead a fháil ó Phríomhoide na scoile nó ón té atá ainmnithe ag an bPríomhoide chun dul isteach i scoil le linn do na scoileanna a bheith dúnta de dheasca Covid-19.

Ó thaobh bhainistíocht na rioscaí:

- Chun dul isteach agus amach go sábháilte, ní mór áit amháin a cheapadh mar shlí isteach/amach ag an am seo;
- Ná leag lámh ar dhromchla ar bith ach a laghad is féidir agus féach chuige go nglantar na dromchlaí seo go rialta;
- Ba chóir leacht díghalraithe láimhe a chur ar fáil ar an mbealach isteach/amach agus ba chóir a rá leis an bhfoireann a lámha a ní tar éis dul isteach san fhoirgneamh;
- Ba chóir don Phríomhoide teagmhálaí a cheapadh agus ba chóir don fhoireann síniú isteach agus amach ar bhileog leis an teagmhálaí seo; ba chóir na bileoga seo agus taifid eile a choimeád;
- Ba chóir modh oiriúnach cumarsáide a bhunú le baill foirne atá ag obair sa scoil m.sh. ba chóir do bhaill foirne a bhfón póca a iompar leo agus bheith i dteagmháil i gcónaí leis an teagmhálaí;
- Níor chóir d'airígh ach gníomhaíochtaí ceadaithe/gníomhaíochtaí ar measúnaíodh an riosca a ghabhann leo a chur i gcrích agus an teagmhálaí a choimeád ar an eolas maidir le cá bhfuil siad agus cén obair atá ar siúl acu;
- Ní mór conraitheoir ar bith a fhostófar ag an am seo a fhostú de réir na dTreoirínte ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas a Bhainistiú sna scoileanna, treoirínte a gheofar ag an nasc seo a leanas: - <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Health-SafetyGuidelines/Health-Safety-Guidelines.html>
- Duine ar bith atá sna haoisghrúpaí is mó atá i mbaol, níor chóir dóibh dul isteach sa scoil;
- Ba chóir don fhoireann agus do gach duine eile sa scoil a bheith fad dhá mhéadar óna chéile i gcónaí;
- Ba chóir don fhoireann agus do gach duine eile sa scoil na lámha a ní agus a choimeád díghalraithe i gcónaí, agus a bheith sláinteach ó thaobh na riospráide de;
- Duine ar bith den fhoireann nó aon duine eile a mhothaíonn breoite nó a bhfuil comharthaí an víris orthu, níor chóir dóibh dul isteach sa scoil, ach iad féin a aonrú agus glaoch ar a ndochtúir teaghlaigh agus déanamh de réir threoirínte FSS;
- Gheofar tuilleadh eolais ar Covid-19 ag <https://www2.hse.ie/coronavirus/>
- Ba chóir aon tarlú nó gortú a thuirisciú don duine ainmnithe agus déanamh de réir na ngnásanna cuí.